# An tÉascaitheoir



PDST


## RÓL:

Cinntíonn **an tÉascaitheoir** go bhfuil gach duine sa ghrúpa ag comhoibriú lena chéile, go bhfuil gach duine dírithe ar an tasc foghlama, go mothaíonn gach duine lárnach sa phróiseas agus go mbíonn deis acu páirt a ghlacadh san obair.

## LEIDEANNA:

- Cloisimis ó …… anois.
- Suimiúil, ach fillimis ar an tasc anois.
- Féachaimis air seo arís.
- Cad iad na stráitéisí a úsáidfimid chun é seo a chur i gcrích?
- Ar mhaith leat rud a rá faoi…?
- An aontaíonn gach duine go..?

# An Seiceálaí



PDST

**RÓL:**

Cinntíonn **an Seiceálaí** go roinneann gach duine sa ghrúpa a chuid tuairimí. Cuireann sé/sí ceisteanna orthu le cinntiú go dtuigeann gach duine an t-ábhar. Is féidir leis an seiceálaí litriú/sonraí a chinntiú i bhfoclóir/sa leabhar/ar líne.

**LEIDEANNA:**

- Céard a chiallaíonn sé sin?
- An féidir leat é sin a shoiléiriú le do thoil?
- Ar mhiste leat é sin a rá uair amháin eile más é do thoil é?
- An bhfiosróidh mé sin sa leabhar/ i bhfoclóir/ar líne?
- Ar mhaith leat é sin a leathnú amach?

# An Taifeadóir



PDST


**RÓL:**

Déanann **an Taifeadóir** nóta de smaointe, conclúidí agus cinntí an ghrúpa. Úsáideann sé/sí eagraí grafach, smeach-chairt nó cárta gníomhach foghlama leis na nótaí sin a chur in iúl.

**LEIDEANNA:**

- Cad a scríobhfaidh mé síos?
- Sílim go ndúirt tú…. An bhfuil an ceart agam?
- An scríobhfaidh mé an smaoineamh/tuairim sin?
- An gcuirfidh mé ciorcal timpeall ar/líne faoi na smaointe is mó a thaitníonn linn?
- Cuirfimid an tuairim sin leis an tuairim seo…
- An úsáidfidh mé grafach chun é sin a shoiléiriú?

# An Maor Ama



## RÓL:

Cinntíonn **an Maor Ama** go bhfaigheann gach duine sa ghrúpa deis cainte agus an méid céanna ama. Spreagann sé/sí an grúpa le fanacht ar thasc agus coimeádann sé/sí súil ar an am.

## LEIDEANNA:

- Táimid leathbhealach tríd ag an bpointe seo.
- Tá cúig noiméad fágtha againn chun é seo a phlé.
- An féidir linn deireadh a chur leis an bplé seo tar éis trí noiméad eile le bhur dtoil?
- An féidir linn bogadh ar aghaidh chuig an gcéad rud eile le bhur dtoil?
- Ba mhaith liom cuireadh a thabhairt do….labhairt anois.
- An féidir liom iarraidh ar ……. a t(h)uairim a thabhairt ag an bpointe seo?